

Ag Spreagadh Páistí le Gaeilge a Labhairt

Tá an Béarla thart timpeall orainn gach áit agus in amanna bíonn sé deacáir ár bpáistí a spreagadh le Gaeilge a labhairt. Seo thíos roinnt leideanna le cuidiú leat.

Teagmháil agus Gá

Nuair atá leisc ar pháiste an mionteanga a labhairt (An Ghaeilge sa chás seo) agus tá sé nó sí ag brath ar an mhórtéanga (Béarla), de gnáth baineann seo le dhá rud; teagmháil leis an teanga agus an gá í a labhairt.

Ní mór go mbeadh go leor teagmhála ag an pháiste leis an mhionteanga agus an gá dóibh í a úsáid. Más féidir an dá rud seo a chur ar fáil don pháiste go minic ag aois an-óg, is féidir réiteach a fháil ar an fhadhb sula dtarlaíonn sé.

Bí Dianseasmhach

Má tá sé an-tábhachtach duit go mbeidh do chlann iomlán dátheanagach, ní mór tabhairt faoin Ghaeilge a labhairt sa bhaile agus gach áit eile go dáirire. Caithfidh an Ghaeilge bheith ag croílár gach rud a dhéanann sibh mar chlann agus mar chuid de bhur saol. Gan an tiomantas seo, gheobhaidh an Béarla an lámh in uachtar.

Leag na Bunchlocha

Tá sé an-tábhachtach na bunchlocha a leagan ar dtús sula dtugann tú aird ar na mionrudaí. Is gá duit smaoineamh go géar ar nithe ar nós d'áit chónaithe, cumas Gaeilge i do chlann (do chéile, seantuismitheoirí/aintíní srl), solathár Gaeloideachais agus deiseanna labhartha i do cheantar. Má tá constaicí i gceist le ceann ar bith acu seo, is gá aontú ar réiteach le do chéile.

Teagmháil leis an Ghaeilge a láidriú

Ní mór duit bheith réamhghníomhach maidir le deiseanna labhartha Gaeilge a chur ar fáil do do phaiste. Is gá don pháiste teagmháil bheith aige nó aici leis an Ghaeilge gach uile lá agus is fearr teagmháil atá sultmhar agus tarraingteach don pháiste.

Comh maith le nósanna éifeachtacha a chruthú agus choinneáil leo (ag labhairt leis an pháiste go minic, ag léamh os ard leo gach lá srl), ná dean dearmad ar an teach baile a shaibhriú le háiseanna fóirstineacha sa spriocéanga. Tabhair aird go háirithe ar na leabhair Ghaeilge, agus fiú na leabhair pictúir gan aon fhocail a ligeann don pháiste a scéal féin a

chumadh.

Tá áiseanna maithe an-luachmhar le hidirghníomhaíocht éifeachtach a chruthú idir an páiste agus an tuisitheoir. Trí bhéim a chur ar an sprioctheanga, tiocfaidh laghdú ar an tionchar atá ag an Bhéarla ar an pháiste.

Is féidir triail a bhaint as na rudaí seo thíos chomh maith:

- * Labhair Gaeilge amháin sa teach (an dá thuismitheoir más féidir)
- * Freastal ar ghrúpaí tuistí agus leanaí Gaeilge, mura bhfuil ceann i do cheantar, gabh i dteagmháil le Glór na nGael maidir le ceann a chur ar fáil
- * Freastal ar imeachtaí teaghlaigh Ghlór na nGael
- * Cuir do pháiste chuig Gaelscoil
- * Cuir do pháiste chuig club óige / scéim samhraidh Gaeilge
- * Déan iarracht feighlí linbh le Gaeilge a fháil

Gá don Ghaeilge a láidriú

Bíonn sé an-éasca tiontú ar an Bhéarla agus is deacair an gá Gaeilge a labhairt a chur in iúl do pháiste. Seachas pionós a chur orthu as Béarla a labhairt, bain úsáid as an teicníc ‘moladh agus spreag’ nuair a labhraíonn siad Gaeilge. Fosta, bí cinnte nach bhfuil tú féin ag déanamh damáiste don phroiseas seo tríd an Bhéarla a úsáid le do pháiste nó tríd Béarla a labhairt i láthair an pháiste le daoine eile.

Beidh tacaíocht de dhíth ort leis seo a bhaint amach le eispéireis aonteangacha a chur ar fáil don pháiste. Chomh maith le tacaíocht a iarraidh ó Ghlór nan Gael, is fiú grúpa tuismitheoirí atá ag tógáil páistí le Gaeilge a chruthú le tacaíocht agus treoir a chur ar fáil dá chéile.